



**etb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Thiobraid Árann  
*Tipperary Education and  
Training Board*

**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA THIOBRAID  
ÁRANN**

**ACHT NA dTEANGACHA  
OIFIGIÚLA 2003**

**SCÉIM TEANGA  
2021-2024**

## Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	1
1.1 Réamhrá .....	1
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime .....	1
1.3 Dáta tosaithe na Scéime .....	2
Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann.....	3
2.1 Misean agus Cuspóirí.....	3
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	3
2.3 Na Príomhsheirbhísí .....	3
2.4 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara .....	4
Caibidil 3: Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó ar bhonn dátheangach.....	5
Caibidil 4: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge .....	6
5.1 Earcaíocht.....	10
5.2 Oiliúint agus Forbairt.....	10
5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge.....	11
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	12
Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú.....	12

## Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a nglacfar leo chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

De réir Alt 14(3) den Acht, tá feidhm ag scéim teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán scéim nua, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (BOOTÁ) á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil air

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile í d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí ar bhonn céimnithe tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha

Oifigiúla atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann.

Aithnítear agus tuigtear an t-am agus an iarracht a rinne gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo.

### **1.3 Dáta tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Beidh éifeacht ó 01/09/2021 agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

### 2.1 Misean agus Cuspóirí

#### Ráiteas Misin:

Cuireann BOO Thiobraid Árann seirbhís oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán ar fáil, a chruthaíonn deiseanna éagsúla lena ligtear d'fhoghlaimoirí agus don phobal a gcumas a bhaint amach.

#### Fís:

Bheith ina eagraíocht fhorásach a shaibhríonn saolta, a chuireann deiseanna oideachais agus oiliúna nuálacha ar fáil do chách.

#### Luachanna:

**Uilechuimsitheach, Nuálach, Urramach agus Trédhearcach.**

#### Spriocanna:

1. Forbairt a dhéanamh ar sholáthar ardchaighdeán chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna foghlaimoirí agus an phobail i gcoitinne agus iad ag plé le BOO Thiobraid Árann.
2. Leanúint ar aghaidh le heagraíocht éifeachtach agus fhorásach a chruthú agus cloí le dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach agus i gComhlíonadh.
3. Timpeallachtaí foghlama agus oibre dinimiciúla, nua-aimseartha a fhorbairt agus glacadh le nuálaíocht agus teicneolaíocht chun tacú le foghlaimoirí agus baill foirne.
4. Cumarsáid agus comhoibriú ar bhealach éifeachtach chun cuimsitheacht a threisiú agus ár n-eagraíocht a chur chun cinn.

### 2.2 Príomhfheidhmeanna

Is comhlacht reachtúil é BOO Thiobraid Árann a bhfuil freagracht air as oideachas agus oiliúint a sholáthar i 11 Meánscoil, 1 Scoil Speisialta, 1 Aonad Dara Leibhéal Lán-Ghaeilge, 1 Coláiste Iar-Ardteistiméireachta neamhspleách, 6 Choláiste Iar-Ardteistiméireachta atá nasctha lenár Meánscoileanna agus lenár n-ionaid tiomnaithe breisoideachais agus oiliúna ar fud Thiobraid Árann. I mí an Mhárta 2016, ghlac BOO Thiobraid Árann freagracht as oiliúint a sheachadadh agus in 2018 d'oscail sé saoráid oiliúna den scoth i mBaile an Áirséaraigh, Durlas.

### 2.3 Na Príomhsheirbhísí

De réir Acht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013, ar acht reachtúil é lena bhforáiltear comhordú agus seachadadh níos fearr ar oideachas agus oiliúint, soláthraíonn BOOTÁ tacaíocht breislucha dár seirbhísí túslíne trínár Seirbhísí Tacaíochta Oideachais, Seirbhísí Corparáideacha, Caipiteal agus Soláthar, Seirbhísí Airgeadais agus Acmhainní Daonna.

## **2.4 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara**

Áirítear le custaiméirí BOO Thiobraid Árann ár gcuid daltaí meánscoile agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí; ár bhfoghlaimoirí ionaid breisoideachais agus oiliúna; daoine óga a úsáideann na seirbhísí oibre don ógra. Soláthraíonn an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige maoiniú dó trí BOO Thiobraid Árann i dThiobraid Árann do mhic léinn agus grúpaí giniúna ceoil.

I measc páirtithe leasmhara BOO Thiobraid Árann tá comhlachtaí reachtúla eile, gníomhaireachtaí leath-stáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair chomh maith le fostaithe BOO Thiobraid Árann.

## Caibidil 3: Sonraí faoi sheirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó ar bhonn dátheangach

Sonraí faoi sheirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Soláthar Reatha de Sheirbhísí		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
<b>Meánscoileanna</b>	Riartar gach ceann de na 10 meánscoil mar aon leis an scoil speisialta ag Tigh an Chalaigh, Cluain Meala i mBéarla amháin.	Is trí mheán na Gaeilge a riartar Gaelcholáiste Cheitinn, Meánscoil lán-Ghaeilge, Cluain Meala.
<b>Ionaid Ardteistiméireachta</b>	Riartar gach ceann den 6 ionad Iar-Ardteistiméireachta ar fud an Chontae i mBéarla amháin.	
<b>Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna</b>	Riartar gach ceann den 15 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna ar fud an Chontae i mBéarla amháin.	
<b>Seirbhísí Bhreisoideachais agus Oiliúna</b>	Riartar ár seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna go léir i mBéarla amháin. Ina measc seo tá an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas, Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh, ESOL, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme, For-rochtain, Seirbhísí oiliúna, Giniúint Ceoil agus Seirbhísí Óige	
<b>Oifigí Riaracháin</b>	Soláthraíonn ár bPríomh-Oifig Riaracháin san Aonach agus ár bhFo-	

	Oifig Riaracháin i gCluain Meala a gcuid seirbhísí i mBéarla amháin	
--	---	--

## Caibidil 4: Feabhas á Chur ar Sholáthar de Sheirbhísí i nGaeilge

Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath sa tábla

thíos

Modhanna cumarsáide leis an bpobal	Tiomantas	
Fógraí Taifeadta Ó Bhéal	<p>Beidh na fógraí ó bhéal taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó sa dhá theanga:</p> <p>(a) Fógraí taifeadta ó bhéal a chuirtear ar fáil ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí taifeadta ó bhéal a cruthaíodh agus a tharchuirtear trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras ríomhairithe freagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas le 'fógraí beo'.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógraí béil taifeadta a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Litreacha &	Tabharfar freagra ar gach cumarsáid	Éigeantach



<b>Scríbhinn</b>	<b>Ríomhphost</b>	i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Soláthraítear ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga clúdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin, lipéid agus clúdaigh eile i nGaeilge nó sa dhá theanga.	Éigeantach
<b>Comharthaíocht</b>	<b>Comharthaíocht</b>	Caithfidh gach comhartha a chuireann BOO Thiobraid Árann nó thar a cheann a bheith i nGaeilge nó go dátheangach, de réir na rialachán (IR Uimh. 391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar doiciméid ina leagfar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin / Cora Poist</b>	Sa chás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal nó le haicme den phobal, i scríbhinn nó trí ríomhphost, chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme den phobal, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid sin.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Úsáidfidh an comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla cheantair na Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Is iad na forálacha a leagtar amach thíos ná gníomhartha a bheartaíonn BOO Thiobraid Árann a chur i bhfeidhm le linn shaolré na scéime seo.

<b>Modhanna cumarsáide leis an bpobal</b>	<b>Tiomantas</b>	<b>Amlíne Faoi Dheireadh BI 1 / BI 2 / BI 3</b>
<b>Cumarsáid Bhéal</b> ó <b>Fáiltiú</b>	Beannófar do chustaiméirí ar dtús i nGaeilge agus ansin i mBéarla ar an	<b>Ar bun</b>

**etb**Bord Oideachais agus  
Oiliúna Thiobraid Árann  
Tipperary Education and  
Training Board

		tseirbhís freagartha teileafóin.		
	<b>Lascchlár</b>	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. Tabharfar an deis do chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge coinne a dhéanamh chun é sin a dhéanamh.		
	<b>Fógraí Taifeadta Ó Bhéal</b>	Beidh beannachtaí teileafóin pearsanta réamhthaifeadta ag an bhfoireann i bhformáid dhátheangach.	<b>Faoi dheireadh 2021</b>	
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Bileoga Faisnéise / Bróisiúir</b>	Cuirfidh BOO Thiobraid Árann leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na bileoga faisnéise agus na bróisiúir ar fáil.	<b>Faoi 2021</b>	
	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Cuirfidimid leagan Gaeilge de na foirmeacha iarratais is coitianta ar fáil . I measc cuid díobh seo beidh: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Foirm iarratais ar Phost Teagaisc</li> <li>• Foirm Iarratais an Phainéil Múinteoirí Ionaid</li> <li>• Foirm Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána</li> </ul> Foirmeacha eile ar fáil ar iarratas.	<b>Ar bhonn céimnithe faoi dheireadh 2023</b>	
	<b>Urlabhraí na Meán</b>	Cuirfidh BOO Thiobraid Árann urlabhraí Gaeilge ar fáil nuair a iarrfar é le socrú roimh ré.	<b>Faoi dheireadh 2021</b>	
	<b>Meáin</b>	<b>Preaseisiúintí</b>	Eiseofar gach preasráiteas sa dhá theanga.	<b>Faoi dheireadh 2021</b>
		<b>Óráidí</b>	Cuirfidimid beannachtaí oscailte agus deiridh ár n-óráidí i nGaeilge san áireamh ar a laghad. Beidh roinnt tagairtí breise againn i nGaeilge d'ábhar aon óráidí den sórt sin agus / nó don ócáid atá idir lámha nuair is cuí.	<b>Ar bun</b>

**etb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Thiobraid Árann  
Tipperary Education and  
Training Board

<b>Teicneolaíocht Faisnéise</b>	<b>Suíomhanna Gréasáin</b>	Ar ár suíomh Gréasáin, beidh ráiteas fáilte dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ar a leathanach baile. Cuirfimid an t-ábhar statach ar an suíomh ar fáil i nGaeilge.	<b>Faoi dheireadh na scéime.</b>
	<b>Córais Ríomhaireachta</b>	Beidh aon chóras ríomhaireachta nua atá á shuiteáil lán-ábail an Ghaeilge a láimhseáil.	<b>Ó dháta na Suiteála</b>
	<b>Ríomhphost</b>	Beidh teachtaireachtaí ríomhphoist caighdeánacha ar nós sínithe agus séanadh dátheangach.	<b>Ar bun</b>

## Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Beidh earcú foirne leis an leibhéal inniúlachta iomchuí sa Ghaeilge i ngach réimse oibre de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann mar an príomhbhealach chun infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a bharrfheabhsú. Féachfaidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir na nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta comhaontaithe, don ghá inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá BOO Thiobraid Árann tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Amlíne Faoi Dheireadh BI 1 / BI 2 / BI 3
Feabhas a chur ar chumas Gaeilge	Earcaíocht	Tabharfar cóip dár Scéim Gaeilge arna comhaontú do gach ball foirne nuacheaptha ina phacáiste ionduchtúcháin lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht. Pacáiste ionduchtúcháin ar fáil ar Inlíon na Foirne.	Ar bun
	Oiliúint	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabharfar deiseanna chun inniúlacht Gaeilge na foirne a fhorbairt.</li> <li>• Soláthrófar liosta de na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil, arna iarraidh sin, d'fhoireann ar mian leo a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú agus tacóidh Polasaí Forbartha Gairmiúla agus Oiliúna Foirne BOO Thiobraid Árann leis an bhfoireann. Is í an aidhm ná: <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ tacú leis an bhfoireann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a chothabháil agus a fhorbairt;</li> <li>➤ Feabhas a chur ar chumas na foirne a ndualgais Ghaeilge a chomhlíonadh i bhfeidhmiú a ndualgas, agus</li> </ul> </li> </ul>	Leanúnach

**etb**Bord Oideachais agus  
Oiliúna Thiobraid Árann  
Tipperary Education and  
Training Board

		<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: <a href="http://www.tearma.ie">www.tearma.ie</a>, <a href="http://www.teanglann.ie">www.teanglann.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>, agus <a href="http://www.abair.ie">www.abair.ie</a> chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Ó Dónaill</li> </ul>	
	<b>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cur chun cinn teanga / Soláthar acmhainní</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Spreagfar baill foirne chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teanga cultúrtha.</li> <li>Éascófar rochtain ar fhaisnéis faoi acmhainní teanga.</li> </ul>	<b>Ar bun</b>
	<b>Eile</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfar suirbhé foirne chun a leibhéal iniúlachta Gaeilge a chinneadh, agus tabharfar an deis dóibh iad féin a rangú mar Líofa&gt; An-Mhaith&gt; Maith&gt; Measartha&gt; Dona maidir leis an gcaighdeán.</li> <li>Cuimseofar i bhfoirmeacha iarratais fostaíochta ceist maidir le hinniúlacht an iarratasóra sa Ghaeilge.</li> </ul>	<b>2021</b> <b>Ar bun</b>

### 5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge

I dteannta le múinteoirí Gaeilge nó múinteoirí a gceanglaítear orthu múineadh trí Ghaeilge i nGaelcholáiste lán-Ghaeilge, Gaelcolaiste Cheitinn ainmníodh na poist atá liostaithe thíos mar poist a bhfuil riachtanais iniúlachta Gaeilge i gceist leo. Tá sé beartaithe go mbeidh caighdeán chreidiúnaithe shonraithe i nGaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo de réir fhreagrachtaí an phoist.

Teideal an Phoist	Suíomh	Táscaire de chaighdeán na Gaeilge (roghnaigh ceann amháin: bunúsach, idirmheánach nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Stiúrtóirí, Bainisteoirí, Comhordaitheoirí agus gach Foireann Teagaisc	Scoileanna, ionaid breisoideachais agus oiliúna agus seirbhísí eile de chuid BOOTÁ.	Idirmheánach inmhianaithe, Ardleibhéal buntáisteach
Foireann Riaracháin BOO	Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna BOOTÁ	Bunúsach inmhianaithe, Idirmheánach buntáisteach
Foireann Riaracháin Oifige	Foireann Riaracháin Ceannoifig agus Fo-Oifige BOOTÁ	Bunúsach inmhianaithe, Idirmheánach buntáisteach
Foireann Riaracháin Scoile	Gach scoil BOOTÁ	Bunúsach inmhianaithe, Idirmheánach buntáisteach

## Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime.

Is é an duine teagmhála don scéim ná an Ceann Gnóthaí Corparáideacha, BOO Thiobraid Árann, Bóthar na hEaglaise, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.

Beidh córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus taifeadfar é inár dTuarascáil Bhliantúil.

## Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Déanfar an scéim seo a phoibliú go hinmheánach agus ar ár suíomh Gréasáin. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh Gréasáin agus scaipfear é ar gach ball foirne agus gníomhaireacht chúí. B'fhéidir go n-úsáidfí bealaí eile chun an scéim a phoibliú freisin.

Ina theannta sin, tapaímid gach deis inár n-idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- ag cur in iúl ar dhoiciméid roghnaithe agus ar fhoirmeacha iarratais go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair iad go dátheangach;
- suntasacht chomhionann a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.